Saol faoin bhfód – Fiach

Gan é ach 31, ag tús an lae
Ag teacht anuas an staighre, cupán tae.
Ach tagann smaoineamh chuige ag 7.56
An maireachtáil é seo nó saol faoin bhfód?

Ba dhearthóir den chéad scoth í Suzie tráth
Níor éirigh léi ar scoil, anois gach lá
Ag pacáil málaí donn sa saol seo atá lom
An maireachtáil é seo nó saol faoin bhfód?

Ag fanacht ar an mbus le dul i dtreo
An fhoirgnimh ina n-oibreoidh sé go deo
Le toitín ina lámh, is gan fonn oibre ar Joe
An maireachtáil é seo nó saol faoin bhfód?

Cúig lá in chuile sheachtain a oibríonn sí
Ag scríobh ar phíosaí páipéir curtha di
I dtráidire beag buí in oifig 23
An maireachtáil é seo nó saol faoin bhfód?

So, éist go grinn le gach dá bhfuil mé ag rá
Ar mhaithe leatsa féin atáim do chrá.
Ní mór duit bheith uaillmhianach, seachas a bheith cianach.

Bíodh aislingí go buan do dhúiseacht
Bíodh aislingí go buan do dhúiseacht
Bíodh aislingí go buan.....
Bíodh d'aislingí go buan do dhúiseacht

Scríofa ag Fiach
Aistriúchán - Fiach Ó Muircheartaigh
Glór agus Giotár - Fiach Ó Muircheartaigh
Dord - Phil Daly
Drumaí - David Lawless
Innealtóireacht - Keith Lawless
Taifead as Gaeilge déanta ag Stiúideo Dearg
Innealtóir - Marc Aubele